

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhosca nua teiripe, darb ainm *Cubbie*. Pléigh na ceistanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Féach ar an bhfíseán [seo](#) a léiríonn cad a dhéanann an bosca *Cubbie*. Conas a dhéanfá cur síos ar an mbosca teiripe?

Is féidir an físeán a scanadh anseo.



2. Cén fheidhm atá ag *Cubbie*, dar leat?
3. An mbainfeá féin úsáid as bosca mar seo? Cén fáth?
4. Baineann daoine a bhfuil deacrachtaí acu lena sláinte aigne an-tairbhe as *Cubbie*. Cén fáth, dar leat?
5. Conas a thógann tú féin sos nuair a mhothaíonn tú faoi bhrú?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

<i>appliance, device:</i>	_____
<i>sense (sensory):</i>	_____
<i>agitation:</i>	_____
<i>relationship/dating matters:</i>	_____
<i>hustle and bustle:</i>	_____
<i>regulating device:</i>	_____
<i>autism:</i>	_____
<i>occupational therapist:</i>	_____
<i>stimuli:</i>	_____
<i>money collecting campaign:</i>	_____
<i>chance to escape:</i>	_____
<i>sanctuary:</i>	_____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?
3. Cad iad na cúig chéadfa agus cad a dhéanann gach ceann?
4. Cad is brí leis an bhfrása ‘ní haon dóithín é’?
5. An aontaíonn tú leis an abairt:

‘Ní haon dóithín é beatha an déagóra’?

C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

- ✓ Cur síos ar *Cubbie*.
- ✓ An áit a bhfuil *Cubbie* sa mhír.
- ✓ An tslí a n-úsáidtear *Cubbie*.
- ✓ Na daoine a úsáideann *Cubbie*.
- ✓ An méid a dúirt Máire Ní Riain sa mhír.
- ✓ Costas an bhosca teiripe.



2. Dún do chuid nótaí ar fad agus tabhair achoimre ó bhéal don duine in aice leat ar ábhar na míre. Ná féach ar aon nótaí!

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach uatha agus an t-alt)

- a) Féach ar na samplaí seo ón mír. Bain amach na lúibíní agus líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal agus alt:

brúnna (an saol) _____

pobal (an scoil) _____

- b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na cinn seo anois:

doras (an teach) _____

oifig (an post) _____

ainm (an tsráid) _____

lár (an chathair) _____

lár (an baile) _____

teach (an pobal) _____

mála (an cailín) _____

earraí (an siopa) _____

praghas (an guthán) _____

dath (an chulaith) _____

2: Gramadach (foirm spleách an bhriathair)

- a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na difríochtaí idir an dá abairt thíos:

Tá riachtanais faoi leith ag na daltaí.

vs

Na daltaí a bhfuil riachtanais faoi leith acu.

- b) Cuir an fhoirm cheart de na briathra sna bearnaí ar dheis. Féach an sampla:

Tá riachtanais faoi leith *ag* na daltaí.

Na daltaí **a bhfuil** riachtanais faoi leith *acu*.

Tá slaghdán ar an gcailín.

An cailín _____ slaghdán uirthi.

Beidh cóisir ag na leanaí.

Na leanaí _____ cóisir acu.

Bhí mé ag caint leis an bhfear.

An fear _____ mé ag caint leis.

Tá rothar dubh ag an mbean.

An bhean _____ rothar dubh aici.

Beidh sí ag impí ar an mbean.

An bhean _____ sí ag impí uirthi.

Bhí imní ar an duine sin.


Sin an duine _____ imní air.

E: CUMARSÁID

1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa agus tugaigí faoi na tascanna seo thíos:

- a) Féachaigí ar an íomhá seo ón mír. Cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar na mothúcháin? Conas a mhothaíonn sibh féin inniu? Cén fáth?



- b) Scríobhaigí liosta le chéile de na rudaí is mó a chuireann imní ar dhéagóirí inniu.
- c) Ón liosta a chuir sibh le chéile faoi b) thuas, cad iad na trí cinn is mó a chuireann imní ar dhéagóirí?
- d) Déanaigí plé le chéile ar conas is féidir na cúiseanna imní sa liosta a mhaolú. Mar shampla:
Má tá imní ort faoi na scrúduithe, scríobh amach plean nó sceideal oibre...

2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta ag cur comhairle ar dhaoine conas déileáil leis na cúiseanna coitianta imní i saol an déagóra. Beidh an phostáil bunaithe ar na pointí a phléigh tú faoi d) thuas.

AN SCRIPT

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá daltaí i bPobalscoil Chorca Dhuibhne ag baint leas as gléas nua atá dírithe ar shláinte aigne agus rialú céadfaí. *Cubbie* a thugtar ar an mbosca teiripe ina gcuireann ábhar fuaimne agus físe smacht ar shuaitheadh aigne.

Seán Mac an tSíthigh

Scrúduithe, obair bhaile, cúrsaí cúirtéireachta, na meáin shóisialta, fothragadh agus brúnna eile an tsaoil mhóir. Ní haon dóithín é beatha an déagóra sa lá atá inniu ann.

Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Agus seo áit phríobháideach do na daltaí gur féidir leo teacht isteach agus ...

Seán Mac an tSíthigh

Ach anois, tá teacht ar áit chiúin i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Spás inar féidir le dalta sos a thógáint¹ ón bhfothragadh.

Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Ansin, is féidir leo suí isteach anseo agus tá dearadh ar an suíochán.

Seán Mac an tSíthigh

Cubbie a thugtar ar an ngléas seo. Áis rialaithe céadfaí a chabhraíonn go mór le daltaí a bhfuil riachtanais faoi leith acu.

Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Mar shampla, daoine go bhfuil diagnóis d'uathachas orthu nó ADHD nó go bhfuil diagnóis d'imní orthu agus cabhraíonn sé go mór le daltaí dá leithéid, ó thaobh, mar a deirim, smacht a chur ar na riachtanais chéadfacha atá acu siúd.

Seán Mac an tSíthigh

Le tacaíocht ó theiripeoir saothair is féidir cláracha² pearsanta faoi leith a chumadh do dhaltaí le riachtanais faoi leith.

Máire Ní Riain, Síceolaí Oideachais

Tá dúshlán acu le próiseáil – an t-eolas atá ag teacht ón dtimpeallacht³ trí na céadfaí. B'fhéidir go mbeadh boladh i gceist, nó rudaí a chionn siad nó ag teacht trí na súile, nó fuaimeanna. De ghnáth, fuaimeanna a chuireann isteach go mór ar pháistí i seomraí ranga. Tugann sé sos dóibh, má bhíonn sos ag teastáil ó na spreagthaí atá ag teacht, atá róláidir, is féidir imeacht ón láthair sin ar feadh tamaillín go háit chiúin, ina bhfuil saghas, cad a déarfá, smacht acu ar an eolas atá ag teacht róthapa chucu.

Seán Mac an tSíthigh

Cé go gcabhróidh an seomra seo go mór le daltaí go bhfuil riachtanais chéadfacha acu, tá an áis seo ar fáil do phobal uile na scoile.

Éamonn Mac Muiris, Príomhoide Phobalscoil Chorca Dhuibhne

Na daltaí ar fad agus foireann na scoile chomh maith, nach bhfuil aon stiogma i gceist leis agus go bhfuil fáilte roimis⁴ gach aon duine.

Seán Mac an tSíthigh

Tá os cionn fiche míle euro ar ghléas dá leithéid seo agus tá feachtas bailithe airgid ar bun ag an scoil chun an costas sin a sheasamh. Deis éalaithe ó shuaitheadh an tsaoil, tearmann suaimhnis agus machnaimh.

Seán Mac an tSíthigh, Nuacht TG4, an Daingean.

¹ tógáint = leagan canúnach de 'tógáil'

² cláracha = cláir

³ Canúint na Mumhan atá ag na cainteoirí seo ar fad; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

⁴ roimis = roimh

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Is féidir gur ábhar íogair é an plé seo do dhaltáí áirithe. B'fhéarr mar sin, gan brú a chur ar fhoghlaimeoirí a bheith ag caint mura bhfuil fonn orthu.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

<i>appliance, device</i>	gléas
<i>sense (sensory)</i>	céadfa (céadfach)
<i>agitation</i>	suaitheadh
<i>relationship/dating matters</i>	cúrsaí cúirtéireachta
<i>hustle and bustle</i>	fothragadh
<i>regulating aid</i>	áis rialaithe
<i>autism</i>	uathachas
<i>occupational therapist</i>	teiripeoir saothair
<i>stimuli</i>	spreagthaí
<i>money collecting campaign</i>	feachtas bailithe airgid
<i>chance to escape</i>	deis éalaithe
<i>sanctuary</i>	tearmann

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.

3. Féach:

Na céadfaí	Cur síos
Blas	Úsáidtear an béal chun rudaí a bhlaiseadh.
Éisteacht	Úsáidtear na cluasa chun rudaí a chloisteáil.
Radharc	Úsáidtear na súile chun rudaí a fheiceáil.
Boladh	Úsáidtear an tsrón chun boladh a fháil.
Tadhall	Is féidir rudaí a mhothú leis an gcráiceann.

4. *It's no easy feat; it's no joke.*

5. Tuairimíocht atá i ceist.

C: TUISCINT

Féach ar an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an tuiséal ginideach uatha agus an t-alt)

a) Féach: brúnna **an tsaoil** pobal **na scoile**

b) Féach:

doras **an tí**
ainm **na sráide**
lár **an bhaile**

oifig **an phoist**
lár **na cathrach**
teach **an phobail**

mála **an chailín**
praghas **an ghutháin**

earraí **an tsiopa**
dath **na culaithe**

2: Gramadach (foirm spleách an bhriathair)

a) Tá riachtanais faoi leith **ag** na daltaí. **vs** Na daltaí **a bhfuil** riachtanais faoi leith **acu**. Tá an clásal coibhneasta indéireach i gceist sa dara sampla ansin mar tá an forainm réamhfhoclach ‘acu’ ag tagairt siar don ainmfhoclach ‘daltaí’.

b) Féach:

An cailín **a raibh** slaghdán uirthi.
Na leanaí **a mbeidh** cóisir acu.
An fear **a raibh** mé ag caint leis.
An bhean **a bhfuil** rothar dubh aici.
An bhean **a mbeidh** sí ag impí uirthi.
Sin an duine **a raibh** imní air.

E. Cumarsáid

1: Caint

Tuairimíocht atá i gceist leis an gcaint seo den chuid is mó. Seo thíos na mothúcháin atá sa phictiúr:

Slow:	Fadálach, mall; tá mé ag obair go mall.
Low:	Tá mé in ísle brí; tá mé lagbhríoch; níl mórán féinmhuiníne agam.
Bored:	Tá mé dubh dóite / bréan den saol/scoil.
Unhappy:	Tá mé míshásta/míshona/brónach.
Good:	Tá mé go breá / go maith.
Happy:	Tá mé sona sásta.
Anxious:	Tá mé imníoch/buartha faoi chúrsaí; tá imní orm faoi rudaí.
Restless:	Tá míshuaimhneas orm; tá mé míshocair; tá mé ag éirí corrrhónach.
Angry:	Tá fearg orm; tá an ghoimh orm; tá mé ar mire.
Fight:	Tá fonn troda orm.

2: Scríobh

Abair leo postáil ghearr a scríobh, ag tabhairt comhairle ar conas is féidir le déagóirí déileáil leis na cúiseanna imní a bhíonn orthu.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláil



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

